

Baile an Cheantaigh

1.0 Comhthéacs/Nádúr an tSráidbhaile

Tá Baile an Cheantaigh suite thart ar 12 km ó dheas ó Bhaile Shláine, 11 km soir ón Uaimh agus 18 km ó thuaidh ó Chill Dhéagláin ag crosbhealach idir an R150 agus an R153 a thrasnaíonn a chéile go trasnánach. Forbraíodh an sráidbhaile ina líne ar na bóithre isteach. Is iad na radhairc áille ar an tírdhreach réchnocach thart ar an sráidbhaile an tréith is mó atá ag an sráidbhaile, agus tá cuma mhaith ar chroílár an tsráidbhaile atá lonnaithe i dtimpeallacht dheas agus áisiúil do choisithe.

Den chuid ba mhó, ba fhorbairt chónaitheach é an fhorbairt a rinneadh le déanaí i mBaile an Cheantaigh, agus níor forbraíodh ach líon teoranta seirbhísí comhfhreagracha don daonra thart air, taobh amuigh de theach ósta agus siopa áise beag.

Áit san Ordlathas lonnaíochta	Sráidbhaile – Ionad Áitiúil do sheirbhís agus fiontraíocht áitiúil a fhorbairt.		
Daonra Teorainn Lonnaíochta an POS níos mó ná teorainn an phlean forbartha	2011	2016	% Athrú
	1,099 duine	1,179 duine	Méadú 7.3%
Leithdháileadh Teaghlaigh na Croístraitéise	70 aonad		
Aonaid a ghealltar nár tógadh fós	3 aonad - ar Bhóthar na hUaimhe 38 aonad bronnta le déanaí (28/2/2018) taobh thiar den Séipéal CR faoi AA170888		
Uimh. an tSoláthair Tithíochta	370		
Áiseanna Oideachais	Bunscoil Bhaile an Cheantaigh ar an taobh thoir thuaidh		
Saoráidí Pobail	Eaglais Chaitliceach Mhuire, Eaglais Mhuire (Eaglais na hÉireann). Halla an Phobai, páirc imeartha Kentstown Rovers FC ar an taobh thoir thuaidh den limistéar forbartha. Clubanna leadóige agus cruicéid.		
Limistéir Chaomhantais Ailtireachta	Ceann ar bith		
Déanmhais Chosanta	Tá 4 struchtúr cosanta suite laistigh de theorainn an tsráidbhaile: MH032 117 Eaglais Chaitliceach Mhuire MH032 118 Teach Scoite MH032 119 An Ghléib, Baile an Cheantaigh MH032- 120 Eaglais Mhuire (Eaglais na hÉireann)		

Toilleadh Bonneagair	Uisce: acmhainn theoranta Dramhuisce: acmhainn theoranta
Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte	Measúnú ar Riosca i gcás Tuilte Plean Forbartha Contae na Mí – 2019-2025. Aithníodh Crios Tuile A & B
Láithreáin Natura 2000	Ritheann An Ainí, ar Limistéar faoi Chosaint Speisialta (LCS) í, le taobh theorann theas an tsráidbhaile. Níl aon Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta reatha nó iarrthóra nó Limistéir faoi Chostaint Speisialta molta sa cheantar thart ar Bhaile an Cheantaigh.
Crios Acmhainneachta Seandálaíochta	Sea, suite soir ón sráidbhaile.

2.0 Fís

Lár an tsráidbhaile tráchtála agus chónaithigh i mBaile an Cheantaigh a dhaingniú agus a neartú, agus forbairt a spreagadh a chuirfidh le agus a neartóidh carachtar agus struchtúr chroílár an tsráidbhaile. Freisin, chun caighdeán thimpeallacht thógtha agus nádúrtha an tsráidbhaile a fheabhsú agus freastal ar riachtanais an phobail áitiúil agus cinntiú go bhforbraíonn an pobal ar bhealach inbhuanaithe, mar shráidbhaile tarraingteach um chónaí, obair, chaitheamh aimsire agus chuairt.

3.0 Deiseanna

- Ar an iomlán, forbraíodh an sráidbhaile ina líne agus ar bhealach scaipthe. Tá deis ann láithreáin inlíontacha/athfhorbraíochta laistigh de chroílár an tsráidbhaile a fhorbairt chun pátrún forbartha níos dlúithe a dhaingniú agus áiseanna a chur ar fáil le haghaidh an baile a fhás agus a mhéadú go leanúnach.
- Dá gcuirfí feabhas ar chuma an tsráidbhaile le comharthaí ardchaighdeáin, ealaín phoiblí agus caighdeáin sheasmhacha ó thaobh soilse i gcroílár an tsráidbhaile agus ar na bealaí isteach go dtí an sráidbhaile, chuirfí le braistint na háite agus thacófaí le hatmaisféar an tsráidbhaile agus sainiúlacht ar leith a chruthú.
- Is taitneamhacht thábhachtach fóillíochta don sráidbhaile é Coillte Bhaile na Rátha atá lonnaithe thart ar 2.2 km soir ó dheas ón sráidbhaile.

4.0 Straitéis Talamhúsáide

4.1 Lonnaíocht agus Tithíocht

Is lonnaíocht líneach atá sa lonnaíocht agus tá foirgnimh ina líne le taobh na mbóithre isteach a thagann le chéile ag aomhal an chrosbhóthair in áit a bheith tugtha le chéile thart ar chroílár sainithe an tsráidbhaile. Tógadh an chuid is mó de na forbairtí le déanaí le taobh na mbóithre isteach a théann go dtí croílár an tsráidbhaile agus is tithe aonair iad, rud a dhéanann an fhorbairt ribíneach níos measa, nó is forbairtí cónaitheacha fo-uirbeacha iad. Bronnadh cead pleanála le déanaí le

haghaidh 38 aonad ar na tailte criosaithe le forbairtí cónaithe ar an taobh thuaidh den sráidbhaile faoi AA170888, ach níor cuireadh tús leis an bhforbairt go dtí seo (amhail Feabhra 2018). Thacódh sé sin le forbairt a dhaingniú thart ar chroílár an tsráidbhaile.

Tá an acmhainn le haghaidh forbairt chonáitheach iltithe íseal mar gheall ar acmhainn seirbhíse theoranta, ach bheifí ábalta cineálacha forbairtí cónaitheacha cuí a chomhtháthú go réidh leis an timpeallacht thógtha atá ann agus leis an gcomhshaol nádúrtha trí úsáid a bhaint as cineálacha cuí cónaithe, dá ndéantar eolas ag ailtireacht dhúchasach, agus suíomhanna agus tírdhreachú cuí a roghnú.

4.2 Eacnamaíocht agus Fostaíocht

Aithnítear Baile an Cheantaigh mar lárionad miondíola Leibhéal 5 in Ordthas Miondíola an Chontae. Tá réimse teoranta seirbhísí tráchtála agus gnó i mBaile an Cheantaigh, is é sin siopa áise áitiúil amháin ar an mbunurlár agus salón áilleachta agus clinic fisiteiripeora ar an gcéad urlár, chomh maith le teach ósta amháin. Mar gheall ar cé chomh gar don Uaimh is atá Baile an Cheantaigh agus lárionaid eile níos mó, tá áiseanna ar scála beag ar fáil sa sráidbhaile. Tá an cumas ag Baile an Cheantaigh forbairt tráchtála breise a fhorbairt chun cur leis an acmhainneacht a chuireann an sráidbhaile ar fáil. Aithníodh roinnt láithreán in aice le crosbhóthar an tsráidbhaile a d'fhéadfadh spás a chur ar fáil d'áiseanna agus úsáidí do lár an tsráidbhaile. Dá ndéanfaí na ceantair seo a fhorbairt, thacófaí le croílár an tsráidbhaile a dhaingniú.

4.3 Bonneagar

Cuirtear soláthar uisce ar fáil do Bhaile an Cheantaigh leis an Scéim Soláthair Uisce na Mí Thoir agus ó Ionad Cóireála Uisce Steach Luíne, ach tá an soláthar sin teoranta. Freastalaíonn Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhaile an Cheantaigh ar an sráidbhaile agus tá an acmhainn teoranta.

4.4 Gluaiseacht

Forbraíodh Baile an Cheantaigh thart ar acomhal bóthair gnóthach ar a bhfuil méideanna suntasacha tráchta a thaistealaíonn go dtí agus ón bPríomhbhealach Náisiúnta N2 ar an taobh thoir gach lá. Rinne an t-acomhal idir an R150 agus R153 a uasghrádú chun leagan amach atá níos áisiúla do choisithe a chur ar fáil. Mar gheall ar na feabhsuithe comhshaoil a cuireadh i gcrích sa sráidbhaile, lena n-áirítear bearta moillithe tráchta a tógadh, trasrianta coisithe, cosáin a athraíodh sa sráidbhaile, marcanna do choisithe agus trácht innealta ar cuireadh feabhas orthu, cruthaíodh timpeallacht níos fearr, níos deise agus níos sábháilte sa sráidbhaile. Beidh sé ina chuspóir ag an plean seo bearta breise moillithe tráchta a chur ar fáil sa sráidbhaile, de réir mar a mheastar a bheith cuí. Faoi láthair, freastalaíonn seirbhís iompair phoiblí ar Bhaile an Cheantaigh. Nascann an bealach 188 an sráidbhaile leis an Uaimh agus Droichead Átha agus nascann an bealach 107 Dún an Rí le UCD, Belfield tríd an Uaimh agus Cill Dhéagláin. Cé go bhfuil stadanna bus suite sa sráidbhaile, rachadh scáthlán bus chun tairbhe mhuintir na háite.

4.5 An Oidhreacht Cultúrtha agus Náisiúnta

Tá roinnt gnéithe nádúrtha agus tógtha i mBaile an Cheantaigh ar fiú iad a chosaint. Áirítear leis na gnéithe sin iad siúd atá ar Thaifead ar Dhéanmhais Chosanta (agus a leagtar amach thuas) agus iad siúd a aithníodh i Measúnacht ar Nádúr an Tírdhreacha de chuid Chontae na Mí. Aithníodh roinnt

suíomhanna a bhfuil tábhacht seandálaíochta ag baint leo i gcroílár an tsráidbhaile ar an Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna.

D'fhéadfadh go mbeadh seandálaíocht gan fionnachtain sa sráidbhaile agus beidh gá soláthar a dhéanamh maidir leis sin le linn forbartha.

4.6 Bonneagar Glas

Ritheann An Ainí le taobh theorann forbartha theas an tsráidbhaile, áit a bhfuil an talamh lán d'ardáin agus d'ísleáin sa chaoi is nach bhfuil an abhainn le feiceáil láithreach ná nach féidir teacht uirthi ón sráidbhaile. Níor bhris an fhorbairt a rinneadh i mBaile an Cheantaigh isteach i gconair na habhann, agus mar sin rinneadh cinnte de go gcosnaítear agus go gcuirtear feabhas ar chonair na hAiní agus na gnáthóga nádúrtha atá inti. Dá bhforbrófaí bealach siúil líneach taitneamhachta le taobh na hAiní, d'fhéadfadh sé feidhmiú mar áis thar cionn don sráidbhaile. Beidh sé ina chuspóir ag an bplean seo scrúdú a dhéanamh ar an acmhainneacht a bhaineann le bealach siúil líneach, agus aird á tabhairt do tírdhreach an cheantair.

Tá roinnt mhaith crann aibí álainn i mBaile an Cheantaigh, idir roschoillte ina bhfuil crainn leathanduilleacha agus shraitheanna crann péine, a chuireann go mór leis an oidhreacht nádúrtha agus carachtar an cheantair. Tá siad lonnaithe, den chuid is mó, ar thalamh na heaglaise in Eaglais Chaitliceach Mhuire (nó Eaglais na Deastógála) i lár an tsráidbhaile agus ar thalamh Eaglais Mhuire (Eaglais na hÉireann) ar Bhóthar Sommerville. Is tábhachtach na crainn sin a choimeád agus a chosaint agus déanfar soláthar dó sa phlean seo.

4.7 Bonneagar Sóisialta

Tá bunscóil amháin lonnaithe in aice le teorainn forbartha an tsráidbhaile le taobh an R150 ar an taobh thoir thuaidh den sráidbhaile. Tá acmhainn ann ag an suíomh reatha chun spás a dhéanamh d'aon leathadh na bunscóile.

Tá cead pleanála reatha ann le haghaidh áiseanna spóirt pobail a fhorbairt ar láithreán 10 n-acra taobh thiar d'Eaglais Chaitliceach Mhuire. Cuirfidh an fhorbairt páirc imeartha féir lánmhéide, páirc uile-aimsire tuilsoilsiithe, cúirteanna leadóige, áiseanna páirceála do rothair, busanna agus carranna, clós súgartha agus áiseanna seomra gléasta ar fáil. Bhronn an Chomhairle an cead agus dhearbhaigh An Bord Pleanála é. Beidh sé bailí go dtí Meitheamh 2021. Cuireadh tús le forbairt le déanaí nuair a baineadh an bharrithir ar an láithreán (ó Fheabhra 2018).

4.8 Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

Is é aidhm an Phlean seo forbairt timpeallachta atá ar ardchaighdeán, deartha go maith, tírdhreachaithe go maith agus den mhéid ceart a chur chun cinn, forbairt atá ag teacht le chéile le carachtar, taitneamhacht, comhshaol, oidhreacht agus tírdhreach an tsráidbhaile. Ba cheart go mbeadh dearadh na forbartha nua ag teacht leis an gceantar máguaird agus go n-idirghníomhódh an lonnaíocht go cuí leis an tírdhreach agus iarracht a dhéanamh i gcónaí caighdeáin reatha an tsráidbhaile a shaibhriú. Beidh dearadh agus leagan amach ar ardchaighdeán, chomh maith le húsáid chuí ábhar, riachtanach chun a chinntiú go gcuireann forbairtí nua go dearfach le Baile an Cheantaigh agus chun tacú le lonnaíocht álainn agus inbhuanaithe a chruthú.

Tá tréithe de shráidbhaile tuaithe / ísealdlúis ag croílár an tSráidbhaile go fóill, cé go bhfuil tréithe a shamhlófaí níos mó leis na bruachbhailte ag imill an tSráidbhaile. Ba inmhianaithe go bhfeabhsófaí an réimse poiblí agus an sráid-dreach chun carachtar lárnach an tsráidbhaile a fheabhsú, chomh maith le cuma an tsráidbhaile. Spreagfaidh an Chomhairle, agus cuirfidh sí chun cinn, réitigh ailtireachta dea-cheaptha atá tomhaiste go maith maidir le haon mholadh cuí forbartha laistigh de Chroílár an tSráidbhaile d'fhonn feabhas a chur ar chuma an tsráidbhaile agus ar charachtar an cheantair.

5.0 Cuspóirí Forbartha do Bhailte/Shráidbhailte

Tá na Beartais agus na Cuspóirí atá leagtha amach thíos anuas orthu siúd atá sa Ráiteas Scríofa in Imleabhar a hAon den Phlean Forbartha Contae. Chun athrá a sheachaint, níor athshonraíodh Beartais agus Cuspóirí ach áit a bhfuil siad ábhartha ach go háirithe don ráiteas. Mar sin ba cheart na Beartais agus na Cuspóirí sin a léamh i dteannta leis na Beartais agus na Cuspóirí agus na Caighdeáin Fhorbartha atá leagtha amach in Imleabhar a hAon den Phlean.

Beartas

Is é beartas na Comhairle:

BEA BC 1 Croílár tráchtála agus cónaitheach an tsráidbhaile i mBaile an Cheantaigh a dhaingniú agus a neartú, agus forbairt a spreagadh a chuirfidh feabhas ar chaighdeán na ríochta poiblí, ar charachtar agus struchtúr croílár an tsráidbhaile agus ar an sráid-dreach reatha, chun nasc a dhéanamh leis na spásanna oscailte agus an tírdhreach i gcoitinne, fad a fhreastalaítear ar riachtanais na ndaoine go léir sa phobal áitiúil; agus chun soláthar a dhéanamh d'fhorbairt a chumasófar forbairt inbhuanaithe an tsráidbhaile mar áit tharraingteach le cónaí, oibriú agus am a chaitheamh ann agus le cuairt a thabhairt uirthi.

Cuspóirí

Is é cuspóir de chuid na Comhairle é:

Lonnaíocht agus Tithíocht

CUS BC 1 Cinnte a dhéanamh de go gcuirfear an Chroístraitéis sa Phlean Forbartha Contae i bhfeidhm, chomh fada agus is féidir, trína áirithiú nach sárófar an leithdháileadh teaghlaigh do Bhaile an Cheantaigh mar a leagtar amach i dTábla 2.11 den Chroístraitéis.

CUS BC 2 Tacú le forbairt chónaitheach ar thalamh tearcúsáidte agus/nó tailte folmha, láithreáin 'inlíontacha' agus 'athfhorbraíochta' san áireamh, agus é sin a spreagadh, faoi réir caighdeán ard a bhaint amach maidir le dearadh agus leagan amach.

CUS BC 3 Athchóiriú na n-áiteanna cónaithe tréigthe atá ann i gcroílár an tsráidbhaile a spreagadh, agus athúsáid a bhaint as na foirgnimh tréigthe le taobh Bhóthar na hUaimhe.

CUS BC 4 Forbairt inlíontach i gcroílár an tsráidbhaile a spreagadh. Ba cheart go léireodh forbairt nua meas ar scála, mórdhlúthú agus carachtar an tsráidbhaile.

Eacnamaíocht agus Fostaíocht

- CUS BC 5 Tacú le sainiúlacht a chruthú do Bhaile an Cheantaigh a léiríonn a oidhreacht shaibhir chultúrtha agus nasc a dhéanamh le cosán féideartha do thurasóirí a d'fhéadfadh Baile an Cheantaigh a cheangal le bailte agus sráidbhailte eile sa cheantar.
- CUS BC 6 Cosaint a dhéanamh ar agus feabhas a chur ar chroílár an tsráidbhaile agus daingniú an chroíláir tráchtála a spreagadh thart ar lár an tsráidbhaile, agus láithreáin fholmha agus foirgnimh tearcúsáidte tréigthe a athúsáid le haghaidh úsáideanna cónaitheacha, tráchtála agus pobail.

Bonneagar

- CUS BC 7 Caidreamh a dhéanamh le, oibriú le agus tacú le hUisce Éireann maidir le seirbhísí uisce leordhóthanacha a chur ar fáil chun riachtanais forbartha an tSráidbhaile a chomhlíonadh le linn thréimhse an Phlean.
- CUS BC 8 Baol tuilte agus forbairt ina thaobh sin a bhainistiú ar aon dul leis an Measúnú Straitéiseach Baol Tuilte. (Imleabhar 5 Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta, Measúnacht Chuí agus Measúnúnacht Straitéiseach ar Phriacail Tuile).

Gluaiseacht

- CUS BC 9 Cineálacha níos inbhuanaithe iompair a spreagadh, lena n-áirítear cosáin nua do choisithe, soilsiú poiblí agus bearta moillithe tráchta a chur ar fáil chun nasc a dhéanamh le háiseanna an tsráidbhaile, de réir mar is cuí.
- CUS BC 10 Iarracht a dhéanamh scáthláin bus a chur ar fáil i gcomhar leis na páirtithe leasmhara cuí.

An Oidhreacht Cultúrtha agus Náisiúnta

- CUS BC 11 Na crainn a aithníodh lena gcaomhnú ar an Léarscáil Criosaithe Úsáide Talún agus atá lonnaithe ar thalamh Eaglais Chaitliceach Mhuir (ar a dtugtar Eaglais na Deastógála freisin) agus Eaglais Mhuire (Eaglais na hÉireann).
- CUS BC 12 Carachtar speisialta agus suíomh Eaglais Mhuire (Eaglais na hÉireann), ar Déanmhas Cosanta é, a chosaint, chomh maith leis na foirgnimh agus tailte lena mbaineann.

Sóisialta

- CUS BC 13 Feabhas a chur ar úsáidí pobail agus taitneamhachta, lena n-áirítear tacaíocht limistéar súgartha do leanaí a fhorbairt laistigh den sráidbhaile. Tacaíocht a thabhairt do bhealaí siúil taitneamhachta atá nasctha le chéile a fhorbairt laistigh den sráidbhaile agus taobh leis an sráidbhaile chun é a dhéanamh níos éasca do mhuintir na háite agus cuairteoirí taitneamh a bhaint as an oidhreacht thógtha agus nádúrtha sa sráidbhaile.
- CUS BC 14 Scrúdú a dhéanamh ar cé chomh indéanta is a bheadh sé bealach siúil líneach agus taitneamhacht a fhorbairt le taobh bhruach na hAiní i mBaile an Cheantaigh chun inrochtaineacht agus luach taitneamhachta na habhann agus a conaire taitneamhachta a mhéadú, i gcomhar leis na páirtithe leasmhara cuí.

Dearadh Uirbeach agus Ríocht Phoiblí

CUS BC 15	Iarracht a dhéanamh caighdeán mhaithe ó thaobh soilsiú poiblí a chur ar fáil ar gach bealach agus cosáin agus soilsiú poiblí a leathnú chuig teorainneacha forbartha an tsráidbhaile ar bhóithre poiblí, de réir mar is gá.
CUS BC 16	Caighdeán agus taitneamhacht amhairc na ngeataí isteach chuig an sráidbhaile, suíomh an tsráidbhaile agus na radhairc laistigh den sráidbhaile, brandáil don sráidbhaile san áireamh, a choimeád agus a fheabhsú.
CUS BC 17	Iarracht a dhéanamh na nóid agus spásanna laistigh den sráidbhaile a fheabhsú, trí idirdhealú níos mó agus níos fearr a dhéanamh idir limistéir coisithe agus limistéir pháirceála, agus le soilsiú poiblí agus tírdhreachú, chun spásanna inaitheanta atá críochnaithe ag caighdeán ard a chruthú laistigh den sráidbhaile ina mbeidh muintir na háite agus cuairteoirí ábalta caidreamh a dhéanamh.